

Eleathanach230

Dé Luain 11 Aibreán 2016

Gradaim IFTA

Bhí Gradaim IFTA ar siúl ag an deireadh seachtaine. Seo duaiseanna a bhaineann le scannáin, drámaí agus cláir theilifíse a bhfuil baint acu le hÉirinn.

Bhuaigh an scannán *Room* na duaiseanna móra. Bhuaigh Saoirse Ronan an duais 'An tAisteoir Mná is Fearr' as an éacht a rinne sí sa scannán *Brooklyn*. Bhuaigh *Brooklyn* duaiseanna eile chomh maith. Ba é Michael Fassbender 'An tAisteoir Fir is Fearr' agus bronnadh an duais don 'Aisteoir idirnáisiúnta is Fearr' ar Leonardo Di Caprio. Bhuaigh *An Klondike* duaiseanna freisin; sraith theilifíse i nGaeilge is ea é.

Bhronn Uachtarán na hÉireann, Mícheál D Ó hUiginn, duais speisialta ar an aisteoir cáiliúil ó Chontae Aontroma, Liam Neeson. Tá gaisce déanta ag Neeson ina lán scannán thar na blianta.

Tá an-suim ag an Uachtarán sna healaíona in Éirinn. Fadó, sa bhliain 1996 nuair a bhí sé ag obair mar Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta bhunaigh sé Teilifís na Gaeilge. Sin an chéad ainm a bhí ar TG4.



Rás na gcapall in Aintree

Dé Sathairn seo caite bhí an rás capall cáiliúil *an Grand National* ar siúl. Bíonn an rás ar siúl gach bliain ar ráschúrsa Aintree in aice le Learpholl, i Sasana. Is rás an-dúshlánach é. Go minic titeann capaill agus marcaigh ann.

Thosaigh tríocha a naoi capall an rás i mbliana, ach níor chríochnaigh ach sé chapall déag é. Bhí gach capall ceart go leor. Bhí ionadh ar dhaoine nuair a bhuaigh capall rása as Éirinn an rás i mbliana.

Rule The World an t-ainm atá ar an gcapall. David Mullins an t-ainm atá ar an marcach a bhí air. Is déagóir é David fós - níl sé ach naoi mbliana déag d'aois.



The Voice UK: an uair dheireanach a bheidh sé ar BBC choíche!

Oíche Shathairn bhí an chraobh den chlár *The Voice UK 2016* ar siúl. Bhí ceathrar sa bhabhta ceannais agus chan siad amhrán ina n-aonar chomh maith le hamhrán leis an moltóir a bhí ag tacú leo.

Ní raibh aon duine sa bhabhta ceannais ag Paloma Faith. Bhí beirt ag Ricky, mar sin chan sé faoi dhó.

D'éirigh le Kevin Simm agus Jolan níos mó vótaí a fháil agus bhí orthu canadh arís. Chan siad an t-amhrán céanna mar bhí an singil ullmhaithe acu roimh an gclár.

Bhuaigh Kevin Simm an comórtas. Bhí sé ina bhall den ghrúpa *Liberty X*. Bhí an-áthas air agus ar Ricky.



will.i.am le spéaclaí ar a cheann!